Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/54

16.1.2026

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh CEE-NA faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais TRANS/WP.29/343 CEE-NA, doiciméad atá ar fáil ag: https://unece.org/transport/road-transport/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

**Rialachán Uimh. 80 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú suíochán i bhfeithiclí móra paisinéirí agus ceadú na bhfeithiclí sin i ndáil le neart na suíochán agus a ndaingnithe [2026/54]**

Ina n-ionchorpraítear an téacs bailí uile suas go dtí:

Forlíonadh 1 ar shraith leasuithe 04 – Dáta teacht i bhfeidhm: An 12 Meitheamh 2025

ÁBHAR

Rialachán

1. Raon feidhme

2. Sainmhínithe

3. Iarratas ar cheadú

4. Ceadú

5. Ceanglais maidir le suíocháin

6. Ceanglais maidir le daingnithe suíochán de chineál feithicle

7. Ceanglais maidir le suíocháin a shuiteáil i gcineál feithicle

8. Comhréireacht táirgeachta

9. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta

10. Ceadú an chineáil suíocháin agus/nó an chineáil feithicle a mhodhnú agus síneadh a chur leis

11. Scor cinntitheach den táirgeadh

12. Forálacha idirthréimhseacha

13. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na n-Údarás Cineálcheadaithe

Foscríbhinní

1 Nósanna imeachta tástála maidir le suíocháin de réir mhír 5. agus/nó daingnithe de réir mhír 6.1.2. agus/nó suíocháin dírithe chun taoibh a shuiteáil de réir mhír 3. d'Fhoscríbhinn 7

2 Nós imeachta tástála le haghaidh daingnithe feithicle agus mír 6.1.1. á cur i bhfeidhm.

3 Tomhais atá le déanamh

4 Critéir inghlacthachta a chinneadh

5 Ceanglais agus nós imeachta tástála stataigh

6 Saintréithe ionsúcháin fuinnimh na coda cúil de chúil an tsuíocháin

7 Ceanglais maidir le paisinéirí a chosaint i suíocháin dírithe chun taoibh de réir mhír 7.4.4.

Iarscríbhinní

1 Teachtaireacht maidir le ceadú a cheadú, a dhiúltú, síneadh a chur leis nó é a tharraingt siar nó scor cinntitheach den táirgeadh de chineál nó de chineálacha suíocháin i ndáil lena neart, de bhun Rialachán Uimh. 80

2 Teachtaireacht maidir le ceadú a cheadú, a dhiúltú, síneadh a chur leis nó é a tharraingt siar nó scor cinntitheach den táirgeadh de chineál feithicle i ndáil le neart na ndaingnithe suíocháin de bhun Rialachán Uimh. 80

3 Leagan amach marcanna ceadaithe

4 An nós imeachta chun 'pointe an chromáin' agus uillinn iarbhír na cabhlach le haghaidh ionad suí i mótarfheithiclí a chinneadh

Foscríbhinn 1 -
Tuairisc ar ghléas trí thoise phointe an chromáin (gléas 3-T phointe an chromáin)

Foscríbhinn 2 -
Córas tagartha tríthoiseach

Foscríbhinn 3 -
Sonraí tagartha maidir le hionaid suí

1. Raon feidhme

1.1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le:

(a) Suíocháin phaisinéirí le haghaidh suiteáil dírithe chun tosaigh i bhfeithiclí de chatagóirí $M_2$ agus $M_3$, d'Aicme II, III agus B ([1]);

(b) Feithiclí de chatagóirí $M_2$ agus $M_3$ d'Aicmí II, III agus B[1] i ndáil lena ndaingnithe suíocháin paisinéara agus suiteáil suíocháin.

(c) Níl feidhm aige maidir le suíocháin dírithe chun cúil ná maidir le haon cheannbhac atá feistithe ar na suíocháin sin.

1.2. Arna iarraidh sin don mhonaróir, measfar go gcomhlíonann feithiclí de chatagóir $M_2$[1] arna gceadú de réir Rialachán Uimh. 17 ceanglais an Rialacháin seo.

1.3. Feithiclí a mbaineann roinnt suíochán leas as an maolú dá bhforáiltear i mír 7.4 de Rialachán Uimh. 14, déanfar iad a cheadú de réir an Rialacháin seo.

1.4. Beidh toirmeasc ar shuíocháin dírithe chun taoibh a shuiteáil i bhfeithiclí de chatagóirí $M_2$ (d'aicme II, III agus B) agus $M_3$ (d'aicmí II, III agus B) cé is moite d'fheithiclí de chatagóir $M_3$ (d'aicme II, III agus B) ag a bhfuil uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil os cionn 10 dtona ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais mhír 7.4.,

1.5. Níl feidhm ag mír 1.4 maidir le hotharchairr ná feithiclí atá beartaithe lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha, an lucht cosanta sibhialta, seirbhísí dóiteáin ná ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choimeád.

2. Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

2.1. Ciallaíonn '*ceadú suíocháin*' ceadú cineáil suíocháin mar chomhpháirt i ndáil le cosaint taistealaithe atá i suíocháin dírithe chun tosaigh maidir lena neart agus dearadh chúil na suíochán;

2.2. Ciallaíonn '*ceadú feithicle*' ceadú cineáil feithicle maidir le neart pháirteanna struchtúr na feithicle a bhfuil suíocháin le daingniú orthu, agus maidir le suiteáil suíochán;

2.3. Ciallaíonn '*cineál suíocháin*' suíocháin nach bhfuil éagsúil go bunúsach maidir leis na saintréithe seo a leanas ar dócha go ndéanfaidh siad difear dá neart agus dá n-ionsaitheacht:

2.3.1. Struchtúr, cruth, toisí agus ábhair na bpáirteanna ualachiompartha;

2.3.2. Cineálacha agus toisí chóras coigeartaithe agus glasála chúl an tsuíocháin;

2.3.3. Toisí, struchtúr agus ábhair na ndaingnithe agus na dtacaí (e.g. cosa);

2.4. Ciallaíonn '*cineál feithicle*' feithiclí nach bhfuil éagsúil go bunúsach maidir leis na nithe seo a leanas:

2.4.1. Na gnéithe tógála a bhaineann leis an Rialachán seo; agus,

([1]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.7, mír 2 - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

2.4.2. Cineál nó cineálacha an tsuíocháin chineálcheadaithe nó na suíochán cineálcheadaithe atá feistithe ar an bhfeithicil, más ann dóibh.

2.5 Ciallaíonn '*suíochán*' struchtúr ar dócha go mbeidh sé greamaithe de struchtúr na feithicle, lena n-áirítear a fheistis cóirithe agus daingnithe, atá beartaithe lena úsáid i bhfeithicil, agus ar a shuíonn duine fásta amháin nó níos mó. Ag brath ar a threoshuíomh, sainmhínítear suíochán mar a leanas:

2.5.1. Ciallaíonn '*suíochán dírithe chun tosaigh*' suíochán is féidir a úsáid nuair atá an fheithicil ag gluaiseacht agus a bhfuil a aghaidh dírithe chun tosaigh san fheithicil ar chaoi a ndéanann plána siméadrachta ingearach an tsuíocháin uillinn níos lú ná + 10° nó - 10° le plána siméadrachta ingearach na feithicle.

2.5.2. Ciallaíonn '*suíochán dírithe chun cúil*' suíochán is féidir a úsáid nuair atá an fheithicil ag gluaiseacht agus a bhfuil a aghaidh dírithe chun cúil san fheithicil ar chaoi a ndéanann plána siméadrachta ingearach an tsuíocháin uillinn níos lú ná + 10° nó - 10° le plána siméadrachta ingearach na feithicle.

2.5.3. Ciallaíonn '*suíochán dírithe chun taoibh*' suíochán is féidir a úsáid nuair atá an fheithicil ag gluaiseacht agus atá dírithe ar thaobh na feithicle ar chaoi a ndéanann plána siméadrachta ingearach an tsuíocháin uillinn 90° (± 10°) le plána siméadrachta ingearach na feithicle;

2.6. Ciallaíonn '*suíochán aonair*' suíochán atá deartha agus tógtha le haghaidh paisinéir amháin ina shuí;

2.7. Ciallaíonn '*suíochán dúbailte*' suíochán atá deartha agus tógtha le haghaidh beirt phaisinéirí ina suí taobh le taobh; measfar gur dhá shuíochán aonair iad dhá shuíochán taobh le taobh nach bhfuil aon idirnasc eatarthu;

2.8. Ciallaíonn '*sraith suíochán*' suíochán atá deartha agus tógtha le haghaidh triúr paisinéirí nó níos mó ina suí taobh le taobh; ní mheasfar gur sraith suíochán iad roinnt suíochán aonair nó suíochán dúbailte atá leagtha amach taobh le taobh;

2.9. Ciallaíonn '*cúisín suíocháin*' an chuid den suíochán atá leagtha amach beagnach go cothrománach agus atá deartha chun tacú le paisinéir atá ina shuí;

2.10. Ciallaíonn '*cúl suíocháin*' an chuid sin den suíochán atá beagnach ceartingearach, atá deartha chun tacú le droim an phaisinéara, lena ghuaillí agus, b'fhéidir, lena cheann;

2.11. Ciallaíonn '*córas coigeartaithe*' an gaireas lenar féidir an suíochán nó na páirteanna de a choigeartú go suíomh atá oiriúnach don taistealaí ina shuí;

2.12. Ciallaíonn '*córas díláithriúcháin*' gaireas lenar féidir an suíochán nó ceann dá pháirteanna a dhíláithriú go cliathánach nó ar a fhad gan suíomh idirmheánach seasta suíocháin nó ceann dá pháirteanna, chun rochtain a éascú do phaisinéirí;

2.13. Ciallaíonn '*córas glasála*' gaireas lena n-áirithítear go gcoinnítear an suíochán agus a pháirteanna sa suíomh úsáide;

2.14. Ciallaíonn '*daingniú*' cuid d'urlár nó de chorp feithicle ar féidir suíochán a fheistiú air;

2.15. Ciallaíonn '*feistis daingnithe*' boltaí nó comhpháirteanna eile a úsáidtear chun an suíochán a cheangal den fheithicil;

2.16. Ciallaíonn '*tralaí*' an trealamh tástála a dhéantar agus a úsáidtear chun tionóiscí bóthair lena mbaineann imbhualadh tosaigh a atáirgeadh go dinimiciúil;

2.17. Ciallaíonn '*suíochán cúnta*' suíochán le haghaidh an riochtáin atá suiteáilte ar an tralaí ar chúl an tsuíocháin atá le tástáil. Beidh an suíochán sin ionadaíoch don suíochán a úsáidfear san fheithicil taobh thiar den suíochán atá le tástáil;

2.18. Ciallaíonn '*plána tagartha*' an plána a théann trí phointí teagmhála shála an riochtáin, a úsáidtear chun pointe an chromáin agus uillinn iarbhír na cabhlach a chinneadh le haghaidh ionad suí mótarfheithiclí i gcomhréir le saintreoracha Iarscríbhinn 4;

2.19. Ciallaíonn '*airde thagartha*' airde bharr an tsuíocháin os cionn an phlána thagartha;

2.20. Ciallaíonn '*riochtán*', riochtán a chomhfhreagraíonn do na sonraíochtaí maidir le HYBRID II nó III ([2]) maidir le suíocháin dírithe chun tosaigh; nó riochtán a chomhfhreagraíonn do na sonraíochtaí maidir le riochtán tuairte taobhaí de réir Rialachán Uimh. 95, Iarscríbhinn 6 maidir le suíocháin dírithe chun taoibh;

2.21. Ciallaíonn '*crios tagartha*' an spás idir dhá fhadphlána comhingearacha, 400 mm óna chéile agus siméadrach i ndáil le pointe an chromáin, agus a shainmhínítear trí ghaireas chruth an chloiginn a rothlú ó cheartingearach go cothrománach, mar a thuairiscítear i Rialachán Uimh. 21, Iarscríbhinn 1. Déanfar an gaireas a shuíomh mar a thuairiscítear san iarscríbhinn sin a ghabhann le Rialachán Uimh. 21 agus socrófar é ag a uasfhad 840 mm agus a íosfhad 736 mm le haghaidh theorainn iarmharach an spáis sin;

2.22. Chun críocha an Rialacháin seo, áirítear le '*crios 3 phointe*' criosanna a bhfuil níos mó ná trí phointe daingnithe acu;

2.23. Ciallaíonn '*spásáil suíochán*', i gcás suíocháin atá dírithe sa treo céanna, an t-achar idir tosach saoisteoige agus cúl shaoisteog an tsuíocháin atá roimhe, arna thomhas go cothrománach ag airde 620 mm os cionn an urláir.

3. Iarratas ar cheadú

3.1. Is é monaróir an tsuíocháin nó a ionadaí atá creidiúnaithe go cuí a dhéanfaidh an t-iarratas ar cheadú an tsuíocháin a chur isteach.

3.2. Is é monaróir na feithicle nó a ionadaí atá creidiúnaithe go cuí a dhéanfaidh an t-iarratas ar cheadú na feithicle a chur isteach.

3.3. Beidh trí chóip de na doiciméid seo a leanas agus na sonraí seo a leanas ag gabháil leis an iarratas chun suíochán nó feithicil a cheadú:

3.3.1. Chun suíochán a cheadú:

3.3.1.1. Tuairisc mhionsonraithe ar an suíochán, ar a fheistis daingnithe agus ar a chórais choigeartaithe, díláithriúcháin agus ghlasála;

3.3.1.2. Líníochtaí atá ar scála iomchuí agus mionsonraithe go leor, den suíochán, dá fheistis daingnithe, agus dá chórais choigeartaithe, díláithriúcháin agus ghlasála;

3.3.2. Chun feithicil a cheadú:

3.3.2.1. Tuairisc mhionsonraithe ar pháirteanna struchtúr na feithicle a úsáidtear mar dhaingnithe;

3.3.2.2. Líníochtaí atá ar scála iomchuí agus mionsonraithe go leor de pháirteanna na feithicle a úsáidtear mar dhaingnithe.

3.4. Cuirfear an méid seo a leanas isteach chuig an tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha ceadaithe a dhéanamh:

3.4.1. Dhá shuíochán atá ionadaíoch don chineál atá le ceadú, i gcás suíochán a cheadú;

3.4.2. Cuid de struchtúr na feithicle, i gcás feithicil a cheadú.

---

([2]) Maidir le sonraíochtaí teicniúla agus líníochtaí mionsonraithe HYBRID II agus III, a chomhfhreagraíonn do phríomhghnéithe fhear an chaogadú peircintíl i Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus na sonraíochtaí maidir lena gcoigeartuithe don tástáil seo, tá siad taiscthe le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus féadfar dul i gcomhairle leo arna iarraidh sin ag rúnaíocht an Choimisiúin Eacnamaíochta don Eoraip, Palais des Nations, an Ghinéiv, an Eilvéis.

4. Ceadú

4.1. Má chomhlíonann an suíochán a chuirtear isteach lena cheadú de bhun an Rialacháin seo ceanglais ábhartha mhír 5. thíos, deonófar ceadú le haghaidh an chineáil suíocháin sin.

4.2. Má chomhlíonann an fheithicil a chuirtear isteach lena cheadú faoin Rialachán seo ceanglais ábhartha mhíreanna 6. agus 7. thíos, deonófar ceadú le haghaidh an chineáil feithicle sin.

4.3. Sannfar uimhir cheadaithe do gach cineál feithicle a cheadaítear. Leis an gcéad dá dhigit (04 faoi láthair, rud a chomhfhreagraíonn do shraith leasuithe 04), sonrófar an tsraith leasuithe ina n-ionchorpraítear na mórleasuithe teicniúla is déanaí dá ndearnadh ar an Rialachán tráth eisiúna an cheadaithe. Ní shannfaidh an Páirtí Conarthach céanna an uimhir chéanna d'aon chineál eile suíocháin ná d'aon chineál eile feithicle.

4.4. Fógra maidir le ceadú cineáil suíocháin agus/nó cineáil feithicle, nó maidir le síneadh nó diúltú an cheadaithe sin, de bhun an Rialacháin seo, cuirfear in iúl é do na Páirtithe i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, trí bhíthin foirm atá i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 agus/nó in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

4.5. Greamófar marc ceadaithe idirnáisiúnta a bheidh le feiceáil go soiléir agus in áit a bhféadfar teacht air go héasca agus a bheidh sonraithe ar an bhfoirm cheadaithe de gach suíochán a bheidh i gcomhréir le cineál suíocháin arna cheadú faoin Rialachán seo agus de gach feithicil a bheidh i gcomhréir le feithicil arna ceadú faoin Rialachán seo, agus beidh an méid seo a leanas ar an marc sin:

4.5.1. Ciorcal timpeall ar an litir 'E' agus ina dhiaidh sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú ([3]);

4.5.2. Uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin an litir R, dais agus an uimhir cheadaithe, a chuirtear ar thaobh na láimhe deise den chiorcal a fhorordaítear i mír 4.5.1.

4.6. Beidh an marc ceadaithe soléite agus doscriosta.

4.7. De réir mar a bheidh, cuirfear an marc ceadaithe ar an suíochán nó ar na suíocháin, nó ar an bpláta sonraí arna ghreamú den fheithicil ag an monaróir nó gar dó.

4.8. Tugtar samplaí de leagan amach na marcanna ceadaithe in Iarscríbhinn 3.

5. Ceanglais maidir le suíocháin

5.1. Beidh gach cineál suíocháin dírithe chun tosaigh faoi réir na gceanglas tástála atá i bhFoscríbhinn 1 (tástáil dhinimiciúil) nó in bhFoscríbhinní 5 agus 6 (tástáil statach) arna iarraidh sin don mhonaróir.

5.2. Déanfar na tástálacha a bhfuair an cineál suíochán pas iontu a thaifeadadh san fhoirm chumarsáide maidir le cineál suíocháin a cheadú agus i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1.

5.3. Mar chuid de gach córas coigeartaithe agus díláithriúcháin arna soláthar, beidh córas glasála a oibreoidh go huathoibríoch.

5.4. Ní cheanglófar go mbeidh na córais choigeartaithe agus ghlasála in ord oibre iomlán tar éis na tástála.

5.5 Ní cheadaítear tástáil statach i bhFoscríbhinn 5 má tá an suíochán ceangailte de struchtúr na feithicle trí aon chlampáil gan daingniú meicniúil. Ciallaíonn daingniú meicniúil glasáil dheimhneach ar an suíochán a chuireann cosc ar an suíochán gluaiseacht sa treo tiomána

([3]) Déantar sainuimhreacha na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 a atáirgeadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.7, Iarscríbhinn 3 - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

5.6. Suiteálfar ceannbhac ar gach suíochán tosaigh transaim i ngach feithicil de chatagóir $M_2$ ag a bhfuil uasmhais nach mó ná 3 500 kg. Comhlíonfaidh an ceannbhac sin ceanglais Rialachán Uimh. 25 ó na Náisiúin Aontaithe, arna leasú le sraith leasuithe 04

6. Ceanglais maidir le daingnithe suíochán de chineál feithicle

6.1. Beidh na daingnithe le haghaidh suíocháin na feithicle in ann na nithe seo a leanas a sheasamh:

6.1.1. An tástáil a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 2;

6.1.2. Nó, má tá suíochán suiteáilte ar an gcuid de struchtúr na feithicle atá á tástáil, na tástálacha a fhorordaítear i bhFoscríbhinn 1. Ní gá gur suíochán ceadaithe an suíochán ar choinníoll go gcomhlíonann sé ceanglais mhír 3.2.1. den fhoscríbhinn thuasluaite.

6.2. Beidh dífhoirmiú buan daingnithe nó an limistéir máguaird, lena n-áirítear briseadh, incheadaithe ar choinníoll gur go gcoinnítear an fórsa forordaithe ar bun ar feadh na tréimhse forordaithe.

6.3. I gcás ina mbeidh níos mó ná cineál daingnithe amháin ar fheithicil, déanfar gach leagan a thástáil chun ceadú a fháil don fheithicil.

6.4. Féadfar tástáil amháin a úsáid chun suíochán agus feithicil a cheadú an tráth céanna.

6.5. I gcás feithiclí de chatagóir $M_3$, measfar go gcomhlíonann daingnithe suíocháin ceanglais mhíreanna 6.1. agus 6.2. má tá daingnithe criosanna sábhála na n-ionad suí comhfhreagrach feistithe go díreach ar na suíocháin atá le suiteáil agus má chomhlíonann na daingnithe criosanna sin ceanglais Rialachán Uimh. 14, más gá i bhfianaise an mhaolaithe dá bhforáiltear i mír 7.4.

7. Ceanglais maidir le suíocháin a shuiteáil i gcineál feithicle

7.1. Déanfar gach suíochán dírithe chun tosaigh a shuiteáiltear a cheadú de réir cheanglais mhír 5. den Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

7.1.1. Beidh airde thagartha 1 m ar a laghad ag an suíochán; agus

7.1.2. Beidh pointe cromáin an tsuíocháin atá díreach taobh thiar de níos lú ná 72 mm níos airde ná pointe cromáin an tsuíocháin atá i gceist nó, má tá pointe an chromáin níos mó ná 72 mm níos airde ag an suíochán taobh thiar, déanfar an suíochán atá i gceist a thástáil agus a cheadú lena shuiteáil i suíomh den sórt sin.

7.2. Nuair a cheadaítear iad de réir Fhoscríbhinn 1, beidh feidhm ag Tástáil 1 agus 2, ach amháin mar a leanas:

7.2.1. Ní bheidh feidhm ag Tástáil 1 i gcás nach féidir le paisinéir gan srian cúl an tsuíocháin a bhualadh (i.e. níl aon suíochán dírithe chun tosaigh ná aon suíochán dírithe chun taoibh díreach taobh thiar den suíochán atá le tástáil).

7.2.2. Ní bheidh feidhm ag Tástáil 2 sna cásanna seo a leanas:

7.2.2.1. Mura féidir le paisinéir faoi shrian cúl an tsuíocháin a bhualadh; nó

7.2.2.2. Más suíochán dírithe chun tosaigh atá sa suíochán taobh thiar ar a bhfuil crios 3 phointe lena mbaineann daingnithe a chomhlíonann Rialachán Uimh. 14 go hiomlán (gan mhaolú); nó

7.2.2.3. Má chomhlíonann an suíochán ceanglais Fhoscríbhinn 6 a ghabhann leis an Rialachán seo.

7.3. Nuair a cheadaítear iad de réir Fhoscríbhinní 5 agus 6, beidh feidhm ag na tástálacha uile, ach amháin mar a leanas:

7.3.1. Ní bheidh feidhm ag tástáil Fhoscríbhinn 5 mura féidir le paisinéir gan srian cúl an tsuíocháin a bhualadh (i.e. níl aon suíochán dírithe chun tosaigh ná aon suíochán dírithe chun taoibh díreach taobh thiar den suíochán atá le tástáil).

7.3.2. Ní bheidh feidhm ag tástáil Fhoscríbhinn 6 sna cásanna seo a leanas:

7.3.2.1. Mura féidir le paisinéir faoi shrian cúl an tsuíocháin a bhualadh; nó

7.3.2.2. Más suíochán dírithe chun tosaigh atá sa suíochán taobh thiar ar a bhfuil crios 3 phointe lena mbaineann daingnithe a chomhlíonann Rialachán Uimh. 14 go hiomlán (gan mhaolú).

7.4. Beidh suiteáil suíochán dírithe chun taoibh faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

7.4.1. Beidh airde thagartha 1 m ar a laghad ag an suíochán;

7.4.2. Beidh an plána trí phointí an chromáin de na suíocháin dírithe chun taoibh in aice láimhe comhthreomhar leis an bplána tagartha;

7.4.3. Ní rachaidh an fad cothrománach idir líne phointe an chromáin idir dhá shuíochán dírithe chun taoibh in aice láimhe thar 725 mm agus ní bheidh sé níos lú ná 450 mm, arna thomhas go cothrománach idir na fadphlánaí ceartingearacha a théann trí lár na n-ionad suí sin, (féach Foscríbhinn 7, Fíor 1); agus

7.4.4. Cosnófar na paisinéirí i suíocháin dírithe chun taoibh le páirt feithicle (e.g. laindéal, balla nó cúl suíocháin de shuíochán dírithe chun tosaigh) chun tosaigh ón suíochán is mó atá dírithe chun taoibh. Comhlíonfaidh an pháirt feithicle sin ceanglais Fhoscríbhinn 7. Coinneoidh sí a feidhm chosanta le linn tástála.

8. Comhréireacht táirgeachta

Beidh na nósanna imeachta comhréireachta táirgeachta i gcomhréir leo sin a leagtar amach sa Chomhaontú (Sceideal 1, E/ECE/TRANS/505/Rev.3), agus na ceanglais seo a leanas ann:

8.1. Maidir le suíochán agus/nó feithicil a cheadófar faoin Rialachán seo, déanfar iad a mhonarú chun go mbeidh siad i gcomhréir leis an gcineál arna cheadú trí na ceanglais a leagtar amach i míreanna 5, 6 agus 7 thuas a chomhlíonadh;

8.2. Déanfar rialuithe oiriúnacha ar an táirgeadh chun a fhíorú go bhfuil ceanglais mhír 8.1 á gcomhlíonadh. Sa chás sin, ciallaíonn rialuithe oiriúnacha seiceáil a dhéanamh ar thoisí an táirge chomh maith le nósanna imeachta a bheith ann chun cáilíocht táirgí a rialú go héifeachtach.

8.3. Féadfaidh an t-údarás inniúil a dheonaigh an Cineálcheadú na modhanna rialaithe comhréireachta is infheidhme maidir le gach aonad táirgthe a fhíorú tráth ar bith agus aon tástáil a mheastar a bheith riachtanach i measc na dtástálacha a rinneadh le haghaidh an cheadaithe a dhéanamh ar shamplaí. Uair amháin sa bhliain a bheidh i ngnáthmhinicíocht na bhfíoruithe sin.

9. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta

9.1. Féadfar an ceadú arna dheonú maidir le cineál suíocháin agus/nó cineál feithicle de bhun an Rialacháin seo a tharraingt siar mura gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach thuas.

9.2. Páirtí sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, má dhéanann sé ceadú a dheonaigh sé roimhe sin a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra ina leith sin láithreach do na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail atá in Iarscríbhinn 1 agus/nó in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

10. Ceadú an chineáil suíocháin agus/nó an chineáil feithicle a mhodhnú agus síneadh a chur leis

10.1. Tabharfar fógra faoi gach modhnú ar an gcineál suíocháin agus/nó ar an gcineál feithicle don Údarás Cineálcheadaithe a cheadaigh an cineál suíocháin agus/nó an cineál feithicle. Féadfaidh an tÚdarás Formheasa Cineáil ceann díobh seo a leanas a dhéanamh ansin:

10.1.1. A mheas nach dócha go mbeidh éifeacht dhíobhálach shuntasach ag na modhnuithe a dhéantar agus go gcomhlíonann an suíochán agus/nó an fheithicil na ceanglais fós in aon chás; nó

10.1.2. Tuarascáil ar thástáil bhreise a éileamh ón tSeirbhís Theicniúil atá freagrach as na tástálacha a dhéanamh.

10.2. Déanfar deimhniú nó diúltú maidir le ceadú, lena sonrófar na hathruithe, a chur in iúl trí bhíthin an nós imeachta a shonraítear i mír 4.4 thuas do na Páirtithe sa Chomhaontú a bhfuil an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu.

10.3. Déanfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe a eisíonn an síneadh leis an gceadú sraithuimhir a shannadh don síneadh sin agus í a chur in iúl do na Páirtithe eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 agus/nó Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

11. Scor cinntitheach den táirgeadh

Má scoireann sealbhóir an cheadaithe go hiomlán de chineál feithicle a mhonarú a ceadaíodh i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don údarás a dheonaigh an ceadú. Tar éis don údarás an fógra ábhartha a fháil, déanfaidh sé na Páirtithe eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm a chur ar an eolas, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an sampla in Iarscríbhinn 1 agus/nó in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

12. Forálacha idirthréimhseacha

12.1. Ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 02 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad ceaduithe a dheonú faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 02.

12.2. Amhail ón 1 Samhain 2012, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm ceaduithe a dheonú ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais an Rialacháin seo, arna leasú le sraith leasuithe 02.

12.3. Amhail ón 1 Samhain 2014, scoirfidh ceaduithe a deonaíodh i gcomhréir leis an Rialachán seo de bheith bailí, seachas na ceaduithe sin a deonaíodh i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo arna leasú le sraith leasuithe 02.

12.4. Amhail ón 1 Samhain 2014, féadfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm diúltú don chéad chlárú náisiúnta nó réigiúnach (an chéad chur i seirbhís) feithicle nár cineálcheadaíodh i gcomhréir le ceanglais shraith leasuithe 02 ar an Rialachán seo.

12.5. Fiú tar éis dháta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 02, beidh ceaduithe na gcomhpháirteanna ar shraith leasuithe 01 ar an Rialachán seo fós bailí agus leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de ghlacadh leo agus ní dhiúltóidh siad síntí a dheonú maidir le ceaduithe shraith leasuithe 01 ar an Rialachán seo.

12.6. Ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 03 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad ceaduithe a dheonú faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 03.

12.7. Ó 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 03, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dheonóidh siad ceaduithe le haghaidh cineálacha nua feithiclí ach amháin má chomhlíontar ceanglais an Rialacháin seo, arna leasú le sraith leasuithe 03.

12.8. Ag tosú 60 mí tar éis theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 03 ar an Rialachán seo, féadfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm cineálcheadú náisiúnta nó réigiúnach a dhiúltú agus féadfaidh siad an chéad chlárú náisiúnta nó réigiúnach (an chéad chur i seirbhís) feithicile nach gcomhlíonann ceanglais shraith leasuithe 03 ar an Rialachán seo a dhiúltú.

12.9. Fiú tar éis dháta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 03, leanfaidh ceaduithe comhpháirteanna maidir le sraith leasuithe 01 nó 02 ar an Rialachán seo de bheith bailí agus leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de ghlacadh leo agus ní dhiúltóidh siad síntí a dheonú maidir le ceaduithe shraith leasuithe 01 nó 02 ar an Rialachán seo.

12.10. Ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 04 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe na Náisiún Aontaithe a dheonú ná glacadh leo faoin Rialachán seo ó na Náisiún Aontaithe arna leasú le sraith leasuithe 04.

12.11. Ón 1 Meán Fómhair 2021, i gcás Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe na Náisiún Aontaithe faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair tar éis an 1 Meán Fómhair 2021 nó ar an dáta sin.

12.12. Go dtí an 1 Meán Fómhair 2022, i gcás Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, glacfaidh siad le cineálcheaduithe na Náisiún Aontaithe faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair roimh an 1 Meán Fómhair 2021.

12.13. Ón 1 Meán Fómhair 2022, i gcás Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe a eisíodh faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo.

12.14. Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe na Náisiún Aontaithe a dheonú, ná síneadh a chur leis na cineálcheaduithe sin, de réir aon sraith leasuithe a rinneadh roimhe sin ar an Rialachán seo.

13. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na n-Údarás Cineálcheadaithe

Na páirtithe conarthacha i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, cuirfidh siad in iúl do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe ainmneacha agus seoltaí na seirbhísí teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, mar aon le hainmneacha agus seoltaí an údaráis cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú, údaráis ar chucu atá foirmeacha le cur lena ndearbhaítear ceadú nó síneadh, nó lena ndiúltaítear nó lena dtarraingítear siar ceadú, arna n-eisiúint i dtír eile.

*Foscríbhinn 1*

**Nósanna imeachta tástála maidir le suíocháin de réir mhír 5. agus/nó daingnithe de réir mhír 6.1.2. agus/nó suíocháin dírithe chun taoibh a shuiteáil de réir mhír 3. d'Fhoscríbhinn 7**

1. Ceanglais

1.1. Cinnfear an méid seo a leanas leis na tástálacha:

1.1.1. Má choinnítear an taistealaí ina shuí (nó na taistealaithe ina suí) i gceart ag an suíochán (nó ag na suíocháin) atá os a chomhair (nó os a gcomhair) agus/nó trí chrios sábhála a úsáid.

1.1.1.1. Measfar an ceanglas sin a bheith comhlíonta mura dtéann gluaiseacht chun tosaigh aon chuid de chabhail agus de cheann an riochtáin thar an bplána ceartingearach trasnaí atá suite 1,6 m ó phointe tagartha suí an tsuíocháin chúnta;

1.1.2. Mura ngortaítear an taistealaí ina shuí (nó na taistealaithe ina suí) go tromchúiseach.

1.1.2.1. Measfar an ceanglas sin a bheith comhlíonta má chomhlíontar na critéir inghlacthachta bhithmheicniúla seo a leanas le haghaidh an riochtáin ionstraimithe, arna gcinneadh i gcomhréir le Foscríbhinn 4; is é sin le rá:

1.1.2.2. I gcás riochtáin i suíochán cúnta dírithe chun tosaigh, ní mór na critéir inghlacthachta bhithmheicniúla seo a leanas a chomhlíonadh:

1.1.2.2.1. Tá critéar an ghortaithe cloiginn CGC níos lú ná 500;

1.1.2.2.2. Tá an critéar inghlacthachta an tóracs níos lú ná 30 g ach amháin i gcás tréimhsí ar lú iad ná 3 ms san iomlán (g = 9,81 $m/s^2$);

1.1.2.2.3. Tá an critéar inghlacthachta an fhéimir níos lú ná 10 kN agus ní sháraítear luach 8 kN i gcás tréimhsí níos faide ná 20 ms san iomlán;

1.1.2.3. I gcás riochtáin i suíochán cúnta dírithe chun taoibh, ní mór na critéir inghlacthachta bhithmheicniúla seo a leanas a chomhlíonadh:

1.1.2.3.1. Tá critéar an ghortaithe cloiginn CGC níos lú ná 500;

1.1.2.3.2. Critéir inghlacthachta an tóracs:

(a) Critéar an tSraonaidh Easna níos lú ná 42 mm nó cothrom leis;

(b) Critéar an Fhíocháin Bhoig (critéar slaodach (CS)) níos lú ná 1,0 m/sec nó cothrom leis;

1.1.2.3.3. Critéar inghlacthachta an pheilbhis:

Buaicfhórsa an tsimfisis phúbasaigh (BFSP) níos lú ná 6 kN nó cothrom leis;

1.1.2.3.4. Critéar inghlacthachta an bhoilg:

Buaicfhórsa an bhoilg (BFB) níos lú ná fórsa inmheánach 2,5 kN nó cothrom leis (atá coibhéiseach le fórsa seachtrach 4,5 kN).

1.1.3. Má tá an suíochán agus gléasadh an tsuíocháin láidir go leor.

1.1.3.1. Measfar an ceanglas sin a bheith comhlíonta más rud é:

1.1.3.1.1. Ní scoirtear aon chuid den suíochán, gléasadh an tsuíocháin ná na gabhálais go hiomlán le linn na tástála;

1.1.3.1.2. Fanann an suíochán ceangailte go docht, fiú má tá daingniú amháin nó níos mó scortha go páirteach, agus fanann na córais ghlasála uile faoi ghlas le linn thréimhse iomlán na tástála;

1.1.3.1.3. Tar éis na tástála níl aon chuid struchtúrach den suíochán ná de na gabhálais briste ná géar ná biorach ná níl aon chúinne ann ar dócha go ndéanfadh sé aon díobháil choirp.

1.2. Beidh gach feisteas ar cuid de chúl an tsuíocháin é nó cuid de na gabhálais a ghabhann leis de chineál nach dócha go ndéanfadh sé aon díobháil choirp do phaisinéir le linn tuairte. Measfar an ceanglas sin a bheith comhlíonta má tá ga cuaire 5 mm ar a laghad ag aon pháirt is féidir a theagmháil le sféar 165 mm ar trastomhas.

1.2.1. Má tá aon chuid de na feistis agus de na gabhálais dá dtagraítear thuas déanta as ábhar ag a bhfuil cruas níos lú ná 50 Shore A ar thaca docht, ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i mír 1.2. thuas ach amháin maidir leis an taca docht.

1.2.2. Ní bheidh na páirteanna de chúl an tsuíocháin amhail gairis choigeartaithe don suíochán agus do na gabhálais faoi réir aon cheanglais de mhír 1.2. má tá siad suite faoi bhun plána cothrománach 400 mm os cionn an phlána tagartha nuair nach bhfuil siad in úsáid, fiú dá bhféadfadh an taistealaí iad a theagmháil.

2. Ullmhú an tsuíocháin atá le tástáil

2.1. Suiteálfar an suíochán atá le tástáil mar a leanas:

2.1.1. Ar ardán tástála atá ionadaíoch don chorp feithicle,

2.1.2. Nó ar ardán tástála docht.

2.2. Beidh an daingniú ar an ardán tástála a sholáthraítear don suíochán tástála nó do na suíocháin tástála comhionann leis an daingniú a úsáidtear san fheithicil nó sna feithiclí ina bhfuil sé beartaithe an suíochán a úsáid, nó beidh na saintréithe céanna aici.

2.3. Beidh an suíochán atá le tástáil iomlán agus beidh an cumhdach agus na gabhálais uile ag gabháil leis. Má tá bord feistithe ar an suíochán, beidh sé sa suíomh stuáilte.

2.4. Más féidir é a choigeartú go cliathánach, déanfar an suíochán a shuíomh don síneadh uasta.

2.5. Más féidir é a choigeartú, déanfar cúl an tsuíocháin a choigeartú ionas go mbeidh claonadh chabhlach an riochtáin a úsáidtear chun pointe an chromáin a chinneadh agus uillinn iarbhír na cabhlach le haghaidh ionaid suí i mótarfheithiclí chomh gar agus is féidir don uillinn a mholann an monaróir le haghaidh gnáthúsáide nó, in éagmais aon mholadh sonrach ón monaróir, chomh gar agus is féidir do 25° i dtreo an chúil i ndáil leis an gceartingear.

2.6. Má tá cúl an tsuíocháin feistithe le ceannbhac ar féidir a airde a choigeartú, beidh sé ina shuíomh is ísle.

2.7. Criosanna sábhála de chineál ceadaithe, atá i gcomhréir le Rialachán Uimh. 16 agus atá suiteáilte ar dhaingnithe arna suiteáil i gcomhréir le Rialachán Uimh. 14 (lena n-áirítear, más iomchuí, an maolú dá bhforáiltear i mír 7.4 den Rialachán sin), déanfar iad a fheistiú ar an suíochán cúnta agus ar an suíochán atá le tástáil araon.

3. Tástálacha dinimiciúla

3.1. Tástáil 1

Beidh an t-ardán tástála suiteáilte ar thralaí.

3.2. Suíochán cúnta

Féadfaidh an suíochán cúnta a bheith den chineál céanna leis an suíochán atá á thástáil agus beidh sé suite comhthreomhar leis an suíochán atá á thástáil agus díreach taobh thiar de. Beidh an dá shuíochán ar an airde chéanna, iad coigeartaithe go comhionann agus ar spásáil suíocháin 750 mm.

3.2.1. Más rud é go n-úsáidtear suíochán cúnta de chineál eile, luafar é sin san fhoirm chumarsáide maidir le cineál suíocháin a cheadú agus i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

3.3. Riochtán

3.3.1. Cuirfear an riochtán gan srian ar an suíochán cúnta ionas go gcomhfhreagraíonn a phlána siméadrachta do phlána siméadrachta an ionaid suí atá i gceist.

3.3.2. Gan beann ar ionad suí an riochtáin, is é 40° ± 5° a bheidh san uillinn idir an lámh uachtarach agus líne thagartha lámh na cabhlach ar gach taobh. Sainmhínítear líne thagartha lámh na cabhlach mar an trasnú idir an plána atá tadhlaíoch le dromchla tosaigh na n-easnacha agus fadphlána ceartingearach an riochtáin ina bhfuil an lámh. Déanfar na cosa a shíneadh go dtí an méid is mó is féidir agus beidh siad comhthreomhar más féidir; teagmhóidh na sála an urlár.

3.3.3. Déanfar gach riochtán is gá a shuiteáil ar shuíochán i gcomhréir leis an nós imeachta seo a leanas:

3.3.3.1. Cuirfear an riochtán ar an suíochán chomh gar agus is féidir don suíomh inmhianaithe,

3.3.3.2. Cuirfear dromchla docht cothrom 76 mm x 76 mm ina achar chomh híseal agus is féidir i gcoinne thosach chabhail an riochtáin,

3.3.3.3. Brúfar an dromchla cothrom go cothrománach in aghaidh chabhail an riochtáin ag ualach idir 25 agus 35 daN:

3.3.3.3.1. Tarraingeofar an chabhail ar aghaidh leis na guaillí go dtí an suíomh ceartingearach, ansin leagfar siar í in aghaidh chúl an tsuíocháin. Déanfar an oibríocht sin faoi dhó;

3.3.3.3.2. Gan an chabhail a bhogadh, cuirfear an ceann i suíomh ina mbeidh an t-ardán a thacaíonn leis na huirlisí tomhais atá sa cheann cothrománach agus go mbeidh plána meánach saighdeach an chinn comhthreomhar le plána na feithicle (le haghaidh suíochán dírithe chun taoibh, beidh plána meánach saighdeach an chinn comhthreomhar le plána meánach ceartingearach an tsuíocháin).

3.3.3.4. Bainfear an dromchla cothrom go cúramach,

3.3.3.5. Bogfar an riochtán ar aghaidh ar an suíochán agus athdhéanfar an nós imeachta suiteála a thuairiscítear thuas,

3.3.3.6. Más gá, ceartófar suíomh na ngéag is ísle,

3.3.3.7. Ní dhéanfaidh na huirlisí tomhais arna suiteáil difear ar bhealach ar bith do ghluaiseacht an riochtáin le linn tuairte,

3.3.3.8. Déanfar teocht chóras na n-uirlisí tomhais a chobhsú roimh an tástáil agus coinneofar í a mhéid is féidir laistigh de raon idir 19 °C agus 26 °C.

3.4. Ionsamhlú tuairte

3.4.1. Beidh an t-athrú treoluais iomlán ar an tralaí lena n-ionsamhlaítear an tuairt idir 30 agus 32 km/h.

3.4.2. Beidh luasmhoilliú nó, de rogha an iarratasóra, luasghéarú an tralaí le linn an ionsamhlaithe tuairte i gcomhréir leis na forálacha a thaispeántar i bhFíor 1 thíos. Ach amháin i gcás eatraimh ar lú iad ná 3 ms san iomlán, fanfaidh cuar luasmhoilliú nó luasghéarú an tralaí mar fheidhm ama idir na cuair teorann a thaispeántar i bhFíor 1.

3.4.3. Ina theannta sin, beidh an meán-luasmhoilliú nó an meán-luasghéarú idir 6,5 agus 8,5 g.

3.5. Tástáil 2

3.5.1. Athdhéanfar Tástáil 1 agus riochtán ina shuí sa suíochán cúnta: cuirfear srian ar an riochtán le crios sábhála arna fheistiú agus arna choigeartú i gcomhréir le treoracha an mhonaróra. Déanfar líon na bpointí daingnithe criosanna sábhála chun críche Tástáil 2 a thaifeadadh san fhoirm chumarsáide maidir le cineál suíocháin a cheadú agus i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.


3.5.2. Beidh an suíochán cúnta den chineál céanna leis an suíochán atá á thástáil nó de chineál eile, agus déanfar mionsonraí an tsuíocháin sin a thaifeadadh san fhoirm chumarsáide maidir le cineál suíocháin a cheadú agus i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

3.5.3. Féadfar Tástáil 2 a chur i bhfeidhm freisin ar pháirteanna feithicle seachas suíochán, dá dtagraítear i mír 8.1.7. de Rialachán Uimh. 16 agus i mír 5.3.5. de Rialachán Uimh. 14.

3.5.4. I gcás ina ndéantar Tástáil 2 agus an riochtán srianta le crios 3 phointe agus nach sáraítear na critéir ghortaithe, measfar gur chomhlíon an suíochán cúnta na ceanglais a bhaineann leis na hualaí tástála statacha agus le gluaiseacht an daingnithe uachtaraigh le linn na tástála a shonraítear i Rialachán Uimh. 14 maidir leis an tsuiteáil sin.

3.5.5. Féadfar Tástáil 2 a chur i bhfeidhm ar shuíocháin dírithe chun taoibh freisin. Sa chás sin, beidh an suíochán cúnta mar a luaitear i mír 3.2. ina shuíochán dírithe chun taoibh agus beidh sé suite mar a shonraítear i bhFoscríbhinn 7.

*Fíor 1*



*Foscríbhinn 2*

**Nós imeachta tástála le haghaidh daingnithe feithicle agus mír 6.1.1. á cur i bhfeidhm.**

1. Gaireas tástála

1.1. Déantar struchtúr docht atá ionadaíoch go leor ar an suíochán atá beartaithe lena úsáid ar an bhfeithicil a fheistiú ar na páirteanna den struchtúr a chuirtear faoi na tástálacha tríd an daingniú (boltaí, scriúnna, etc.) a sholáthraíonn an monaróir.

1.2. Más féidir roinnt cineálacha suíochán atá éagsúil óna chéile maidir leis an achar idir tosach agus cúl a gcos a shuiteáil ar an daingniú céanna, déanfar an tástáil leis an mbonn is giorra. Tabharfar tuairisc ar an mbonn sin ar an deimhniú ar chineálcheadú.

2. Nós imeachta tástála

2.1. Cuirfear fórsa F i bhfeidhm.

2.1.1. Ar airde 750 mm os cionn an phlána tagartha agus ar an líne cheartingearach ina bhfuil lár geoiméadrach an dromchla a theorannaítear leis an bpolagán ag a bhfuil na pointí daingnithe éagsúla mar rinnphointí nó, más infheidhme, daingnithe foircneacha an tsuíocháin, leis an struchtúr docht mar a shainmhínítear i mír 1.1. thuas;

2.1.2. Sa treo cothrománach agus dírithe ar thosach na feithicle;

2.1.3. Moill chomh gearr agus is féidir agus ar feadh 0,2 s ar a laghad.

2.2. Déanfar fórsa F a chinneadh

2.2.1. De réir na foirmle seo a leanas: F = (5 000 ± 50) x i gcás:

Tugtar F in N agus seasann i do líon ionad suí an tsuíocháin a bhfuil na daingnithe atá le tástáil le ceadú ina leith; nó, má iarrann an monaróir amhlaidh,

2.2.2. I gcomhréir leis na hualaí ionadaíocha a thomhaistear le linn tástálacha dinimiciúla mar a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Foscríbhinn 3*

**Tomhais atá le déanamh**

1. Déanfar gach tomhas is gá le córais tomhais a chomhfhreagraíonn do shonraíochtaí Chaighdeán Idirnáisiúnta ISO 6487:1987 dar teideal ‘Teicnící tomhais i dtástálacha tuairte: Ionstraimíocht’.

2. Tástáil dhinimiciúil

2.1. Tomhais atá le déanamh ar an tralaí

Déanfar saintréithe luasmhoilliú nó luasghéarú an tralaí a thomhas, ó na luasmhoillithe nó na luasghéaruithe a thomhaistear ar fhráma docht an tralaí, le córais tomhais le CFC 60.

2.2. Tomhais atá le déanamh ar riochtáin

Déanfar léamha na bhfeistí tomhais a thaifeadadh trí bhealaí sonraí neamhspleácha an CFC seo a leanas:

2.2.1. Tomhais i gceann an riochtáin

Déanfar an luasghéarú trí-aiseach a eascraíonn as sin agus a thagraíonn don mheáchanlár ($\gamma_r$) ([1]) a thomhas le CFC 600.

2.2.2. Tomhais i dtóracs an riochtáin.

Déanfar an luasghéarú a eascraíonn as sin ag an meáchanlár a thomhas le CFC 180. Déanfar sraonadh na n-easnacha agus an Critéar Slaodach (CS) a thomhas le CFC 180.

2.2.3. Tomhais i bhféimear an riochtáin

Déanfar an fórsa comhbhrúite aiseach a thomhas le CFC 600.

2.2.4. Tomhais i mbolg an riochtáin.

Déanfar fórsaí an bhoilg a thomhas le CFC 600.

2.2.5. Tomhais i bpeilbheas an riochtáin.

Déanfar an fórsa púbasach a thomhas le CFC 600.

---

([1]) Arna shloinneadh in g (= 9,81 m/s²)) a ríomhtar a luach scálach de réir na foirmle seo a leanas:

$$\gamma_r^2 = \gamma_l^2 + \gamma_v^2 + \gamma_t^2$$

i gcás inar fíor an méid seo a leanas:
$\gamma_l$ = luach an fhadluasghéaraithe mheandraigh;
$\gamma_v$ = luach an luasghéaraithe cheartingearaigh mheandraigh;
$\gamma_t$ = luach an luasghéaraithe thrasnaí mheandraigh.

*Foscríbhinn 4*

**Critéir inghlacthachta a chinneadh**

1. Tuairt tosaigh (suíochán dírithe chun tosaigh)

1.1. Critéar an ghortaithe cloiginn (CGC)

1.1.1. Ríomhtar an critéar gortaithe sin (CGC) ar bhonn an luasghéaraithe thrí-aisigh a eascraíonn as sin arna thomhas de réir Fhoscríbhinn 3, mír 2.2.1. leis an slonn seo a leanas:

$$\mathrm{HIC} = (\mathrm{t}_2 - \mathrm{t}_1)\left[\frac{1}{t_2 - t_1}\int_{t_1}^{t_2} \gamma_r dt\right]^{2,5}$$

ina bhfuil $t_1$ agus $t_2$ aon luach ama le linn na tástála, arb ionann CGC agus uasluach le haghaidh eatramh $t_1$, $t_2$. Sloinntear luachanna $t_1$ agus $t_2$ i soicindí.

1.2. Critéar inghlacthachta an tóracs

1.2.1. Cinntear an critéar seo le dearbhluach an luasghéaraithe a eascraíonn as, arna shloinneadh in g agus arna thomhas de réir Fhoscríbhinn 3, mír 2.2.2., agus leis an tréimhse luasghéaraithe, arna shloinneadh in ms.

1.3. Critéar inghlacthachta an fhéimir

Cinntear an critéar seo leis an ualach comhbhrúite arna shloinneadh in kN, arna tharchur go haiseach ar gach féimear den riochtán agus arna thomhas de réir Fhoscríbhinn 3, mír 2.2.3., agus de réir fhad an ualaigh chomhbhrúite, arna shloinneadh in ms.

2. Tuairt thaobhach (suíochán dírithe chun taoibh)

2.1. Critéar an ghortaithe cloiginnn (CGC) féach mír 1.1. thuas

2.2. Critéar inghlacthachta an tóracs

2.2.1. Sraonadh cliabhraigh: is é an buaicshraonadh cliabhraigh an t-uasluach sraonaidh ar aon easna arna chinneadh ag na trasduchtóirí díláithriúcháin tóracs.

2.2.2. Critéar slaodach (CS):

Is éard atá sa bhuaicfhreagairt shlaodach uasluach CS ar aon easna a ríomhtar ó thoradh meandrach an chomhbhrú tóracs choibhneasta a bhaineann leis an leath-thóracs agus treoluas an chomhbhrú a dhíorthaítear trí dhifreáil a dhéanamh ar an gcomhbhrú. Chun críocha an ríomha sin, is é 140 mm leithead caighdeánach chreat na n-easnacha den leath-thóracs.

$$\mathrm{VC} = \max\left[\frac{D}{0.14} x \frac{dD}{dt}\right]$$

i gcás inarb D (méadair) = sraonadh easna

Leagtar amach an t-algartam ríofa atá le húsáid i Rialachán Uimh. 95, Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn 2.

2.3. Critéar inghlacthachta an bhoilg

Is éard atá i mbuaicfhórsa an bhoilg uasluach shuim na dtrí fhórsa arna thomhas ag trasduchtóirí atá suiteáilte 39 mm faoi bhun an dromchla ar thaobh na tuairte.

2.4. Critéar inghlacthachta an pheilbhis

Is é buaicfhórsa an tsimfisis phúbasaigh (BFSP) an t-uasfhórsa a thomhaistear le cill ualaigh ag simfiseas púbasach an pheilbhis.

*Foscríbhinn 5*

**Ceanglais agus nós imeachta tástála stataigh**

1. Ceanglais

1.1. Leis na ceanglais maidir le suíocháin arna dtástáil de réir na foscríbhinne seo, cinnfear an méid seo a leanas:

1.1.1. Má choinnítear na taistealaithe ina suí i gceart leis na suíocháin atá os a gcomhair;

1.1.2. Mura ngortaítear na taistealaithe ina suí go tromchúiseach; agus

1.1.3. Má tá an suíochán agus gléasadh an tsuíocháin láidir go leor.

1.2. Measfar ceanglais mhír 1.1.1. thuas a bheith comhlíonta mura mó ná 400 mm díláithriú uasta lárphointe feidhme gach fórsa a fhorordaítear i mír 2.2.1. arna thomhais sa phlána cothrománach agus i bhfadphlána meánach an ionaid suí ábhartha.

1.3. Measfar ceanglais mhír 1.1.2. thuas a bheith comhlíonta má chomhlíontar na saintréithe seo a leanas:

1.3.1. Ní lú ná 100 mm díláithriú uasta lárphointe feidhme gach ceann de na fórsaí a fhorordaítear i mír 2.2.1., arna thomhas mar a thuairiscítear i mír 1.2.;

1.3.2. Ní lú ná 50 mm díláithriú uasta lárphointe feidhme gach ceann de na fórsaí a fhorordaítear i mír 2.2.2., arna thomhas mar a thuairiscítear i mír 1.2.

1.3.3. Beidh gach feisteas ar cuid de chúl an tsuíocháin é nó cuid de na gabhálais a ghabhann leis de chineál nach dócha go ndéanfadh sé aon díobháil choirp do phaisinéir le linn tuairte. Measfar an ceanglas sin a bheith comhlíonta má tá ga cuaire 5 mm ar a laghad ag aon pháirt is féidir a theagmháil le sféar 165 mm ar trastomhas.

1.3.4. Má tá aon chuid de na feistis agus de na gabhálais dá dtagraítear thuas déanta as ábhar ag a bhfuil cruas níos lú ná 50 Shore A ar thaca docht, ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i mír 1.3.3. thuas ach amháin maidir leis an taca docht.

1.3.5. Ní bheidh na páirteanna de chúl an tsuíocháin amhail gairis choigeartaithe don suíochán agus do na gabhálais faoi réir aon cheanglais de mhír 1.3.3. má tá siad suite faoi bhun plána cothrománach 400 mm os cionn an phlána tagartha nuair nach bhfuil siad in úsáid, fiú dá bhféadfadh an taistealaí iad a theagmháil.

1.4. Measfar ceanglais mhír 1.1.3. a bheith comhlíonta sna cásanna seo a leanas:

1.4.1. Ní scoirtear aon chuid den suíochán, gléasadh an tsuíocháin ná na gabhálais go hiomlán le linn na tástála;

1.4.2. Fanann an suíochán ceangailte go docht, fiú má tá daingniú amháin nó níos mó scortha go páirteach, agus fanann na córais ghlasála uile faoi ghlas le linn thréimhse iomlán na tástála;

1.4.3. Tar éis na tástála níl aon chuid struchtúrach den suíochán ná de na gabhálais briste ná géar ná biorach ná níl aon chúinne ann ar dócha go ndéanfadh sé aon díobháil choirp.

2. Tástálacha statacha

2.1. Gaireas tástála

2.1.1. Is éard atá ann dromchlaí sorcóireacha ag a bhfuil ga cuaire 82 ± 3 mm agus:

2.1.1.1. leithead atá cothrom, ar a laghad, le leithead chúl an tsuíocháin de gach ionad suí den suíochán atá le tástáil le haghaidh an riochtáin uachtaraigh;

2.1.1.2. leithead atá cothrom le 320 -0/+10 mm le haghaidh an riochtáin íochtaraigh mar a léirítear i bhFíor 1 den fhoscríbhinn seo.

2.1.2. Beidh an dromchla atá suite in aghaidh chodanna an tsuíocháin déanta as ábhar ag a bhfuil cruas nach lú ná 80 Shore A.

2.1.3. Beidh gach dromchla sorcóireach feistithe le trasduchtóir fórsa amháin ar a laghad lenar féidir na fórsaí a chuirfear i bhfeidhm sa treo a shainmhínítear i mír 2.2.1.1. a thomhas.

2.2. Nós imeachta tástála

2.2.1. Cuirfear fórsa tástála go $\frac{1,000}{H_1}$± 50 N i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as gaireas, atá i gcomhréir le mír 2.1. thuas, ar pháirt chúil an tsuíocháin a chomhfhreagraíonn do gach ionad suí den suíochán.

2.2.1.1. Beidh treo chur i bhfeidhm an fhórsa suite i bplána meánach ceartingearach an ionaid suí lena mbaineann; beidh sé cothrománach agus ón gcúl i dtreo thosach an tsuíocháin.

2.2.1.2. Beidh an treo sin suite ar airde $H_1$ a bheidh idir 0,70 m agus 0,80 m os cionn an phlána tagartha. Is é an monaróir a chinnfidh an airde bheacht.

2.2.2. Cuirfear fórsa tástála atá cothrom le $\frac{2,000}{H_2}$ ± 100 N i bhfeidhm go comhuaineach ar chuid chúil an tsuíocháin a chomhfhreagraíonn do gach ionad suí den suíochán sa phlána ceartingearach céanna agus sa treo céanna ag airde $H_2$ a bheidh idir 0,45 agus 0,55 m os cionn an phlána thagartha, le gaireas atá i gcomhréir le mír 2.1. thuas. Is é an monaróir a chinnfidh an airde bheacht.

2.2.3. Coinneofar an riochtán tástála, a mhéid is féidir, i dteagmháil le cúl an tsuíocháin le linn chur i bhfeidhm na bhfórsaí a shonraítear i míreanna 2.2.1. agus 2.2.2. thuas. Beidh siad in ann casadh i bplána cothrománach.

2.2.4. I gcás ina mbeidh níos mó ná ionad suí amháin ag suíochán, déanfar na fórsaí a chomhfhreagraíonn do gach ionad suí a chur i bhfeidhm go comhuaineach agus beidh an líon céanna riochtán uachtarach agus íochtarach agus líon na n-ionad suí.


2.2.5. Cinnfear suíomh tosaigh gach ionaid suí le haghaidh gach ceann de na riochtáin trí na gairis tástála a chur i dteagmháil leis an suíochán le fórsa atá cothrom le 20 N ar a laghad.

2.2.6. Cuirfear na fórsaí a shonraítear i míreanna 2.2.1. agus 2.2.2. thuas i bhfeidhm chomh tapa agus is féidir agus coinneofar an dá cheann acu ag an luach sonraithe, is cuma cén dífhoirmiú, ar feadh 0,2 soicind ar a laghad.

2.2.7. Má rinneadh an tástáil le fórsa amháin nó níos mó ach nach raibh na fórsaí uile níos mó ná na fórsaí a shonraítear i míreanna 2.2.1. agus 2.2.2. thuas agus má chomhlíonann an suíochán na ceanglais, measfar an tástáil a bheith comhlíonta.

*Fíor 1*

**Gaireas tástála statach**



*Foscríbhinn 6*

## Saintréithe ionsúcháin fuinnimh ar chuid chúil de chúil na suíochán

1. Déanfar eilimintí den chuid chúil de chúil na suíochán atá sa chrios tagartha, mar a shainmhínítear i mír 2.21. den Rialachán seo, a fhíorú arna iarraidh sin don mhonaróir de réir na gceanglas ionsúcháin fuinnimh a leagtar amach in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 21. Chun na críche sin, déanfar na gabhálais uile atá feistithe a thástáil i ngach suíomh úsáide, seachas táblaí a bhreithneofar sa suíomh stuáilte.

2. Déanfar tagairt don tástáil seo san fhoirm chumarsáide maidir le cineál suíocháin a cheadú atá i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo. Beidh líníocht ina léirítear achar na coda de chúl an tsuíocháin, arna fíorú ag an tástáil scaipthe fuinnimh, faoi iamh.

3. Féadfar an tástáil seo a chur i bhfeidhm ar pháirteanna d'fheithicil seachas suíochán (mír 3.5.3. d'Fhoscríbhinn 1 agus mír 2.3. d'Fhoscríbhinn 7).


*Foscríbhinn 7*

**Ceanglais maidir le paisinéirí a chosaint i suíocháin dírithe chun taoibh de réir mhír 7.4.4.**

1. Ní rachaidh an t-achar idir an suíochán is mó atá dírithe chun taoibh agus an chuid den fheithicil atá chun tosaigh ar an suíochán is mó atá dírithe chun taoibh seo thar 450 mm. Tá gach tomhas le déanamh 1000 mm os cionn phlána tagartha an tsuíocháin is mó atá dírithe chun taoibh (féach Fíor 1).

*Fíor 1*

**Ceanglais suímh maidir le suíocháin dírithe chun taoibh**




2. Comhlíonfaidh páirt na feithicle (e.g. laindéal, balla nó cúl suíocháin de shuíochán dírithe chun tosaigh) os comhair an tsuíocháin is mó atá dírithe chun taoibh na ceanglais seo a leanas chun an paisinéir a chosaint sa suíochán is mó atá dírithe chun taoibh sin (féach Fíor 2):

2.1. Níor cheart airde pháirt na feithicle, bunaithe ar phlána tagartha an tsuíocháin is mó atá dírithe chun taoibh, a bheith níos lú ná 1 020 mm; agus

2.2. Beidh leithead 200 mm agus airde 580 mm ag dromchla tuairte iarbhír pháirt na feithicle. Déanfar an dromchla seo a shuíomh sa chaoi go mbeidh an lárlíne ceartingearach suite 50 mm taobh thiar de phointe cromáin an tsuíocháin is mó atá dírithe chun taoibh sin; agus


2.3. Le dromchla comhfhreagrach pháirt na feithicle atá i bhfeidhm agus á theilgean ar phlána ceartingearach trí phointe an chromáin seo, cumhdófar 95 faoin gcéad ar a laghad den dromchla tuairte iarbhír. Comhlíonfaidh páirt na feithicle sin an ceanglas ionsúcháin fuinnimh d'Fhoscríbhinn 6.

2.3.1. Má tá bearna sa dromchla comhfhreagrach (dhá shuíochán dírithe chun tosaigh le bearna eatarthu de ghnáth), cinnfear achar le haghaidh gach bearna trí sféar a bhfuil trastomhas 165 mm aige. Cuirfear an sféar i dteagmháil leis an mbearna i bpointe de limistéar na bearna lena gcumasaítear uas-ionsá sféir, ag cur san áireamh nach gcuirfear aon ualach i bhfeidhm. Ní mór an t-achar idir dhá phointe teagmhála an sféir a bheith níos lú ná 60 mm;

3. De rogha na monaróirí, féadfar tástáil a dhéanamh de réir Fhoscríbhinn 1 leis an riochtán iomchuí le haghaidh suíocháin dírithe chun taoibh.

*Fíor 2*

**Ceanglais suímh le haghaidh pháirt na feithicle atá chun tosaigh ar an suíocháin is mó atá dírithe chun taoibh**



*IARSCRÍBHINN 1*

**Cumarsáid**

(Uasfhormáid: A4 (210 x 297 mm))

E (1) ...

arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
...................................
...................................
...................................

Maidir le (2): Ceadú deonaithe
Síneadh a bheith curtha le ceadú
Ceadú a bheith diúltaithe
Ceadú a bheith aistarraingthe
Scor cinntitheach den táirgeadh

de chineál suíocháin nó de chineálacha suíochán maidir lena neart de bhun Rialachán Uimh. 80

Uimhir an Cheadaithe ....................................... Uimhir an tSínidh ...........................................

1. Trádainm nó trádmharc an tsuíocháin: ...................................................................................

2. An cineál suíocháin: ...................................................................................................

3. Ainm agus seoladh an mhonaróra: ..................................................................................

4. Más infheidhme, ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra:

........................................................................................................................

5. Eolas breise:

5.1. Tuairisc ghairid ar an gcineál suíocháin, ar a fheistis daingnithe agus ar a chórais choigeartaithe, díláithriúcháin agus ghlasála lena n-áirítear an t-achar íosta idir pointí feistithe: ..........................................................

5.2. Suíomh agus leagan amach na suíochán: ...........................................................................

5.3. Suíocháin, más ann dóibh, a bhfuil daingniú criosanna sábhála iontu: ................................................

5.4. Tástáil ionsúcháin fuinnimh ar chuid chúil de chúl an tsuíocháin: tá/níl[2]

5.5. Líníochtaí ina léirítear achar na coda cúil de chúl an tsuíocháin, arna fíorú le haghaidh scaipeadh fuinnimh: ........

5.6. Suíochán arna cheadú i gcomhréir le mír 5.1. den Rialachán seo (tástáil dhinimiciúil): is amhlaidh/ní hamhlaidh[2]

5.6.1. Tástáil 1 de réir Fhoscríbhinn 1: is amhlaidh/ní hamhlaidh[2]

5.6.2. Tástáil 2 de réir Fhoscríbhinn 1: is amhlaidh/ní hamhlaidh[2]

(1) Sainuimhir na tíre a rinne ceadú a dheonú/a shíneadh/a dhiúltú/a aistarraingt (féach forálacha ceadaithe sa Rialachán).
(2) Scrios amach an méid nach bhfuil ábhartha.

5.6.3. Tuairisc ar na criosanna sábhála agus ar na daingnithe a úsáidtear chun críche thástáil 2: ............................

.........................................................................................................................................

5.6.4. An cineál suíocháin chúnta a úsáidtear le haghaidh thástáil 2 (murab ionann é agus an cineál suíocháin atá ceadaithe): ..........................................................................................................................

.........................................................................................................................................

5.7. Suíochán arna cheadú i gcomhréir le mír 5.1. den Rialachán seo (tástáil statach): is amhlaidh/ní hamhlaidh[2]

5.8. Tástáil de réir Fhoscríbhinn 5: is amhlaidh/ní hamhlaidh[2]

5.9. Tástáil de réir Fhoscríbhinn 6: is amhlaidh/ní hamhlaidh[2]

6. An dáta a cuireadh isteach ar cheadú don suíochán: ..................................................................

7. An cineál gairis: luasmhoilliú/luasghéarú[2]

8. An tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha ceadaithe: ........................................................

9. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tSeirbhís sin: ..........................................................................

10. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tSeirbhís sin: ........................................................................

11. Ceadú deonaithe/diúltaithe/sínte/tarraingthe siar[2]

12. Suíomh an mhairc ceadaithe ar an suíochán: ..........................................................................

.........................................................................................................................................

13. Áit: ..................................................................................................................................

14. Dáta: ................................................................................................................................

15. Síniú: ...............................................................................................................................

16. Tá na doiciméid seo a leanas, a bhfuil an uimhir cheadaithe thuasluaite orthu, ar fáil arna iarraidh sin: .............

.........................................................................................................................................

*IARSCRÍBHINN 2*

**Cumarsáid**

(Uasfhormáid: A4 (210 x 297 mm))




arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
..................................
..................................
..................................

Maidir le ([2]): Ceadú deonaithe
Síneadh a bheith curtha le ceadú
Ceadú a bheith diúltaithe
Ceadú a bheith aistarraingthe
Scor cinntitheach den táirgeadh

de chineál feithicle maidir le neart daingnithe suíocháin de bhun Rialachán Uimh. 80

Uimhir an Cheadaithe.............................. Uimhir an tSínidh ........................................

1. Trádainm nó trádmharc na feithicle: ..................................................................................

2. Cineál feithicle: ..................................................................................................

3. Ainm agus seoladh an mhonaróra: ....................................................................................

4. Más infheidhme, ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra:

.........................................................................................................................

5. Eolas breise:

5.1. Tuairisc ghairid ar an gcineál feithicle de réir a daingnithe agus íosluach an achair idir na daingnithe: .................

.........................................................................................................................

5.2. Déanamh agus cineál na suíochán cineálcheadaithe (más ann dóibh): ..................................................

5.3. I gcás gach sraith suíochán: aonair/binse, seasta/inchoigeartaithe, cúl seasta/cúl inchoigeartaithe, iompú siar/insínte[2]

5.4. Suíomh agus leagan amach na suíochán (suíocháin chineálcheadaithe agus suíocháin eile): ............................

.........................................................................................................................

5.5. Suíocháin, más ann dóibh, a bhfuil daingnithe criosanna sábhála iontu: ...............................................

.........................................................................................................................

6. Cuireadh an fheithicil isteach le haghaidh a ceadaithe an: ..............................................................

(1) Sainuimhir na tíre a rinne ceadú a dheonú/a shíneadh/a dhiúltú/a aistarraingt (féach forálacha ceadaithe sa Rialachán).
(2) Scrios amach an méid nach bhfuil ábhartha.

7. An tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha ceadaithe: ........................................................

8. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tSeirbhís sin: ........................................................................

9. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tSeirbhís sin: ......................................................................

10. Ceadú deonaithe/diúltaithe/sínte/tarraingthe siar[2]

11. Suíomh an mhairc ceadaithe ar an bhfeithicil: ........................................................................

12. Áit: .....................................................................................................................

13. Dáta:

14. Síniú: ...................................................................................................................


15. Tá na doiciméid seo a leanas, a bhfuil an uimhir cheadaithe thuasluaite orthu, ar fáil arna iarraidh sin: ................

.............................................................................................................................

*IARSCRÍBHINN 3*

**Leagan amach marcanna ceadaithe**


1. Leagan amach an mhairc ceadaithe le haghaidh suíocháin




a = 8 mm ar a laghad

Má tá an marc ceadaithe thuas greamaithe de shuíochán, léirítear gur ceadaíodh an cineál suíocháin lena mbaineann, maidir le neart na suíochán agus an tástáil arna déanamh i gcomhréir le mír 2 d'Iarscríbhinn 4, san Ísiltír (E4) faoin uimhir 042439. Tugtar le fios leis an uimhir ceadaithe gur deonaíodh an ceadú i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 80 arna leasú le sraith leasuithe 04.

2. Leagan amach sa mharc ceadaithe le haghaidh cineál feithicle




a = 8 mm ar a laghad

Má tá an marc ceadaithe thuas greamaithe d'fheithicil, léirítear gur ceadaíodh an cineál feithicle sin san Ísiltír (E4) faoi uimhir 042439 maidir le neart na ndaingnithe ar an bhfeithicil. Tugtar le fios leis an uimhir ceadaithe gur deonaíodh an ceadú i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 80 arna leasú le sraith leasuithe 04.

*IARSCRÍBHINN 4*

**An nós imeachta chun 'pointe an chromáin' agus uillinn iarbhír na cabhlach le haghaidh ionaid suí i mótarfheithiclí a chinneadh** ([1])

Foscríbhinn 1 – Tuairisc ar phointe an chromáin tríthoiseach gléas (gléas trí thoise phointe an chromáin)[1]

Foscríbhinn 2 - Córas tagartha tríthoiseach[1]

Foscríbhinn 3 - Sonraí tagartha maidir le hionaid suí[1]

---

([1]) Tugtar tuairisc ar an nós imeachta sin in Aguisín 6 de Rún Frithpháirteach Uimh. 1 (M.R.1) (doiciméad ECE/TRANS/WP.29/1101/Amend.5);
féach https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.